# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2015**

# STAIDÉAR GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ MÁIRT 9 MEITHEAMH 2015 – MAIDIN 9.30-12.00

## ROINN B

**(300 marc)**

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- Freagair **cúig** cheist ar bith.
- Bronnfar marcanna ar an obair, ar an leagan amach agus ar an gcur i láthair.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh**.
*(Le comhlánú ar Leathanach 9 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Seo thíos buiséad do theaghlach Uí Mhóráin do cheithre mhí, ó Mheitheamh go Meán Fómhair 2015.

Is é an tAirgead ar Láimh Tosaigh ná €370.

**Ioncam Pleanáilte**

- Tuilleann Tadhg Ó Móráin €2,100 glanphá in aghaidh na míosa agus tá súil aige le **hardú** de €200 in aghaidh na míosa ó 1 Lúnasa 2015.
- Tuilleann Cáit Uí Mhóráin €2,250 glanphá in aghaidh na míosa.
- Meastar go mbeidh sochar leanaí de €280 in aghaidh na míosa acu.



**Caiteachas Pleanáilte**

- Is é an morgáiste tí ná €620 in aghaidh na míosa ach **méadóidh** sé de €30 in aghaidh na míosa ó 1 Iúil 2015.
- Is í an phréimh árachas tí ná €480 in aghaidh na bliana, iníoctha **go míosúil** ó 1 Meitheamh 2015.
- Íocann teaghlach Uí Mhóráin préimh árachas sláinte de €140 in aghaidh na míosa. **Laghdófar** an phréimh seo de €20 in aghaidh na míosa ó 1 Meán Fómhair 2015.
- Meastar gur €1,900 in aghaidh na míosa a bheidh ar chostais teaghlaigh ach amháin i mí Lúnasa nuair a bheidh siad €200 **níos lú** ná sin.
- Úsáideann teaghlach Uí Mhóráin an córas iompair phoiblí chun taisteal chuig an obair. Cosnaíonn ticéad traenach Thaidhg €175 in aghaidh na míosa agus cosnaíonn ticéad bus Cháit €95 in aghaidh na míosa.
- Meastar go mbeidh €110 ar an mbille teileafóin don líne thalún i mí Iúil agus €80 i mí Mheán Fómhair. Chomh maith leis sin cosnóidh billí teileafón póca €40 in aghaidh na míosa ar an teaghlach.
- Meastar go mbeidh €130 i mí an Mheithimh ar bhillí le haghaidh solais agus teasa agus €90 i mí Lúnasa. Meastar go gcosnóidh ola théite tí €900 i mí Mheán Fómhair.
- Cosnóidh éide scoile €260 i mí Lúnasa agus cosnóidh leabhair scoile €350 i mí Mheán Fómhair.
- Tá saoire in áirithe ag teaghlach Uí Mhóráin a chosnóidh €3,750. Caithfidh siad éarlais de €500 a íoc i mí an Mheithimh, tráthchuid bhreise de €750 i mí Iúil agus an t-iarmhéid i mí Lúnasa.
- Cosnóidh siamsaíocht €180 in aghaidh na míosa ach amháin i mí Lúnasa, nuair a chosnóidh sí €90 **sa bhreis**.

**(A)** Comhlánaigh an fhoirm bhán do Bhuiséad Teaghlaigh *(ar leathanach 9 den Leabhrán)* agus bain úsáid as na figiúirí uile thuas. (50)

**(B)** Luaigh **dhá** mhodh ina bhféadfadh teaghlach Uí Mhóráin na billí leictreachais a íoc.
*(Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar leathanach 9 den Leabhrán.)* (5)

**(C)** Ríomh an phréimh árachas sláinte bhliantúil do theaghlach Uí Mhóráin.
Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. *(Freagair ar leathanach 9 den Leabhrán.)* (5)

**(60 marc)**

**2.**

| **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe**. |
|---|
| *(Le comhlánú ar Leathanaigh 10 agus 11 den Leabhrán Scrúdaithe)* |

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair Eala Teo. ar an 31 Nollaig 2014, deireadh na bliana airgeadais. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 650,000 gnáthscair ar €1 an ceann.

| **Eala Teo.**<br>**Comhardú Trialach mar a bhí ar an 31 Nollaig 2014** | **Dr** | **Sr** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin ar Airgead Síos | | 380,000 |
| Ceannacháin ar Airgead Síos | 222,850 | |
| Carraeireacht Isteach | 3,140 | |
| Stoc Tosaigh ar an 1 Eanáir 2014 | 36,750 | |
| Solas agus Teas | 17,480 | |
| Árachas | 4,160 | |
| Pá | 76,500 | |
| Ús íoctha ar rótharraingt bhainc | 6,750 | |
| Fógraíocht | 14,200 | |
| Díbhinn Íoctha | 19,600 | |
| Rótharraingt Bhainc | | 41,500 |
| Airgead ar Láimh | 7,620 | |
| Scairchaipiteal Eisithe i Scaireanna €1 | | 530,000 |
| Daingneáin agus Feisteas | 189,450 | |
| Innealra | 102,000 | |
| Foirgnimh | 251,000 | |
| | 951,500 | 951,500 |

Ba é an Stoc Deiridh ar an 31 Nollaig 2014 ná €34,740.

**(A)** Ó na figiúirí thuas, ullmhaigh:

(i) **Cuntas Trádála agus Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** d'Eala Teo. don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014. (*Freagair ar leathanach 10 den Leabhrán.*)

(ii) **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar an 31 Nollaig 2014. *(Freagair ar leathanach 11 den Leabhrán.)* (45)

**(B)** (i) Mínigh an téarma 'Stoc Tosaigh' sa Chomhardú Trialach thuas. *(Freagair ar leathanach 11 den Leabhrán.)*

(ii) Ríomh an Brabús Comhlán mar chéatadán de na Díolacháin ar Airgead Síos agus bain úsáid as an bhfoirmle seo:

$$\frac{\text{Brabús Comhlán}}{\text{Díolacháin ar Airgead Síos}} \times \frac{100}{1}$$

Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. *(Freagair ar lch 11 den Leabhrán.)* (15)

**(60 marc)**

**3.** **Ceist í seo a bhaineann le Daoine ag Obair agus le Litir a Scríobh**.
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 12 agus 13 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Tá Pól Ó Duinn, An Baile Gaelach, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí ag beartú siopa éadaigh nua a oscailt faoin ainm Barréadach. Tá súil aige triúr a fhostú. Ar an 17 Eanáir 2015 scríobh sé litir chuig Liam Ó Donnchadha, An Rúnaí Ginearálta, IBEC, Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, inar iarr sé comhairle air maidir leis na freagrachtaí atá ar fhostóirí agus ar fhostaithe.

Ar an 22 Eanáir 2015 scríobh Liam Ó Donnchadha freagra chuig Pól. Ghabh sé buíochas leis as a fhiosrú agus ansin luaigh sé trí fhreagracht a bheadh air mar fhostóir i leith a chuid fostaithe. Chomh maith leis sin luaigh sé trí fhreagracht a bheadh ar a chuid fostaithe ina leith féin. Mar fhocal scoir ghuigh sé rath ar ghnó nua Phóil.

**(A)** Scríobh an litir a sheol Liam Ó Donnchadha chuig Pól Ó Duinn ar an 22 Eanáir 2015.
*(Freagair ar leathanach 12 den Leabhrán.)* (40)

**(B)** Is féidir Pá Comhlán a ríomh ar mhodh amháin nó níos mó de na modhanna seo a leanas:

- Amráta
- Tascráta
- Ráta Comhréidh
- Coimisiún

Mínigh **dhá** cheann ar bith de na téarmaí thuas.
*(Freagair ar leathanach 13 den Leabhrán.)* (12)

**(C)** Mínigh an difríocht atá idir ‘obair’ agus ‘fostaíocht’.
Tabhair sampla amháin **i ngach aon** chás.
*(Freagair ar leathanach 13 den Leabhrán.)* (8)

**(60 marc)**

**4.** **Ceist í seo a bhaineann le Trádáil, Eacnamaíocht agus leis an mBuiséad Náisiúnta**.
*Le comhlánú ar Leathanaigh 14 agus 15 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** (i) Mínigh an téarma 'iompórtálacha'. *(Freagair ar leathanach 14 den Leabhrán.)*

(ii) Luaigh **dhá** chúis a n-iompórtálann Éire earraí agus seirbhísí.
*(Freagair ar leathanach 14 den Leabhrán.)* (15)

**(B)** (i) Mínigh na téarmaí 'riachtanais' agus 'teastálacha' mar atá siad san Eacnamaíocht.
Tabhair **dhá** shampla de gach ceann acu.
*(Freagair ar leathanach 14 den Leabhrán.)*

(ii) Is iad na ceithre thoisc táirgeachta ná talamh, saothar, caipiteal agus fiontraíocht.
Mínigh **dhá** thoisc táirgeachta.
*(Freagair ar leathanach 14 den Leabhrán.)* (20)

**(C)** Is iad na figiúirí seo a leanas réamh-mheastacháin Rialtas na Gréine i gcomhair Bhuiséad Náisiúnta 2016:

| **Príomh-Mhíreanna Ioncaim agus Caiteachais** | **€000** |
|---|---|
| Ioncam ó ÍMAT | 5,550 |
| Ioncam ó CBL | 3,700 |
| Caiteachas ar Leas Sóisialta (Coimirce Shóisialach) | 2,750 |
| Caiteachas ar Oideachas agus Scileanna | 2,020 |
| Caiteachas ar Sheirbhísí Sláinte | 3,380 |

(i) Ullmhaigh Buiséad Náisiúnta 2016 de chuid Rialtas na Gréine ón eolas thuas. *(Freagair ar leathanach 15 den Leabhrán).*

(ii) Cuir in iúl cé acu an buiséad 'barrachais' nó buiséad 'easnaimh' é. *(Freagair ar leathanach 15 den Leabhrán)*.

(iii) Caitheann Rialtas na hÉireann suimeanna móra airgid gach bliain ar Leas Sóisialta (tugtar Coimirce Shóisialach air freisin).

Tabhair **dhá** shampla de chaiteachas an Rialtais ar Leas Sóisialta.
(*Freagair ar leathanach 15 den Leabhrán.)* (25)

**(60 marc)**

**5.** **Ceist í seo a bhaineann le Doiciméid Ghnó**.
*(Le comhlánú ar leathanaigh 16 agus 17 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá Peadar de Búrca fostaithe sa Rannóg Díolacháin i Troscán Baile Teo., Eastát Tionsclaíoch na hOidhreachta, Loch Garman. Ar an 11 Feabhra 2015 faigheann sé an t-ordú seo a leanas:

**Péine Teo.**
Ionad Siopadóireachta Bhaile na Cúirte — **UIMHIR ORDAITHE: 1680**
Guaire, Co. Loch Garman

Teileafón: 053 9537724
Facs: 053 9537712 — Cláruimhir CBL: IE 4812798
r-phost: peine@gmail.com

09 Feabhra 2015

An Bainisteoir
Troscán Baile Teo.
Eastát Tionsclaíoch na hOidhreachta
Loch Garman

**Soláthair, le do thoil, na hearraí seo a leanas:**

| CAINNÍOCHT | SONRAÍ | CÓDUIMHIR | PRAGHAS AN CEANN (€) |
|---|---|---|---|
| 10 | Oll-leaba de phéine Meicsiceach | KS141 | 320.00 |
| 20 | Cóifrín taobh leapa de phéine Meicsiceach | BL263 | 90.00 |
| 15 | Vardrús de phéine Meicsiceach | WD563 | 450.00 |
| 5 | Bord maisiúcháin de phéine Meicsiceach | DT758 | 220.00 |

Sínithe: *Karen Ní Ifearnáin* Teideal: Bainisteoir Ceannaigh

Tá na hearraí a ordaíodh sa stoc ach amháin na holl-leapacha de phéine Meicsiceach. Tá na hearraí eile go léir (**cóifrín taobh leapa, vardrúis agus boird mhaisiúcháin**) ar fáil. Cinntíonn Peadar de Búrca go bpacáiltear iad le seachadadh. Comhlánaítear sonrasc ansin. Cuireann Peadar in iúl do Karen Ní Ifearnáin go bhfuil sé rite as oll-leapacha agus go seachadfar an chuid eile den ordú an mhaidin dar gcionn.

Seachadtar na hearraí chuig Péine Teo. an lá ina dhiaidh sin. Seachadann tiománaí na trucaile Sonrasc (Uimh. 5612) dar dháta 12 Feabhra 2015 chomh maith.

**(A)** Luaigh **trí** shlí a bhféadfadh Peadar de Búrca a chur in iúl do Karen Ní Ifearnáin go raibh na hearraí á seachadadh. *(Freagair ar leathanach 16 den Leabhrán)*. (6)

**(B)** Baineann **Lascaine Thrádála** 25% agus **CBL** 20% le gach earra.
Ó na sonraí thuas, comhlánaigh an Sonrasc bán Uimh. 5612 *(ar lch 16 den Leabhrán)*. (30)

**(C)** Nuair a shroicheann na hearraí Péine Teo. seiceálann Karen Ní Ifearnáin iad. Ansin scríobhann sí seic dar dháta 12 Feabhra 2015. Síníonn sí féin é thar ceann Péine Teo. mar íocaíocht iomlán ar na hearraí agus tugann sí don tiománaí é lena thabhairt ar ais go Troscán Baile Teo.

Comhlánaigh an seic bán (Uimh. 371526) agus an comhdhuille *(ar lch 17 den Leabhrán)*. (15)

**(D)** Iontráil an íocaíocht seic i gcuntas bainc Péine Teo.
*(Ná húsáid ach ceann amháin de na cuntais bhainc ar leathanach 17 den Leabhrán.)* (9)

**(60 marc)**

**6.** **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Feirme agus le Foinsí Airgeadais**.
*(Le comhlánú ar leathanaigh 18 agus 19 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Is feirmeoir é Seán Ó Murchú a choinníonn Leabhar Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Anailísithe (Leabhar Airgid Anailísithe). Lóisteáiltear an t-airgead go léir a fhaigheann sé ina chuntas reatha sa bhanc ar an lá céanna agus déanann sé gach íocaíocht le seic.

Ar 1 Bealtaine 2015, bhí iarmhéid €4,800 sa bhanc ag an bhfeirmeoir.

Rinne sé na bearta seo a leanas le linn Bhealtaine 2015:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Bealtaine | 3 | Dhíol eallach ar €7,500 | (Admháil Uimh. 514) |
| | 4 | Cheannaigh beathú eallaigh ar €1,200 | (Seic Uimh. 101) |
| | 7 | Cheannaigh díosal don tarracóir ar €350 | (Seic Uimh. 102) |
| | 8 | Fuair deontas AE (ÍAF) de €2,600 | (Admháil Uimh. 515) |
| | 10 | D'íoc táillí le tréidlia de €770 | (Seic Uimh. 103) |
| | 13 | Fuair seic bainne de €1,800 | (Admháil Uimh. 516) |
| | 14 | Cheannaigh leasachán talún ar €900 | (Seic Uimh. 104) |
| | 18 | D'íoc as deisiúcháin innealra €1,300 | (Seic Uimh. 105) |
| | 22 | Cheannaigh eallach (laonna) ar €4,400 | (Seic Uimh. 106) |
| | 25 | Dhíol eallach ar €2,700 | (Admháil Uimh. 517) |
| | 26 | Cheannaigh beathú eallaigh ar €2,400 | (Seic Uimh. 107) |
| | 28 | D'íoc as deisiúcháin ar an tarracóir €950 | (Seic Uimh. 108) |

**(A)** Breac go hiomlán Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Anailísithe (Leabhar Airgid Anailísithe) Sheáin Uí Mhurchú do Bhealtaine 2015 *(ar leathanach 18 den Leabhrán)*.
Nóta: Seasann ÍAF d'Íocaíocht Aonair Feirme.

Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas ar na colúin airgid:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Taobh an Dochair (Fáltais)**: | Banc | Eallach | ÍAF | Eile | |
| **Taobh an tSochair (Íocaíochtaí)**: | Banc | Eallach | Beathú | Deisiúcháin | Eile |

Suimigh gach colún anailísithe agus comhardaigh na colúin bhainc ag deireadh na Bealtaine.

(43)

**(B)** Mínigh **dhá** chúis ar cheart d'fheirmeoirí cuntais a choimeád *(ar leathanach 19 den Leabhrán)*.

(8)

**(C)** Tá Seán Ó Murchú ag beartú ar bhleánlann nua a thógáil ar chostas €250,000.
Is féidir leis ceann amháin de na foinsí airgeadais seo a leanas a úsáid:



**Fruilcheannach** **Rótharraingt Bhainc** **Iasacht Fhadtéarmach**

(i) Mínigh **dhá** cheann de na foinsí airgeadais atá luaite thuas.
*(Freagair ar leathanach 19 den Leabhrán.)*

(ii) Cé acu ceann de na foinsí thuas is oiriúnaí mar fhoinse airgeadais le haghaidh bleánlann nua a thógáil? *(Freagair ar leathanach 19 den Leabhrán.)*

(9)

**(60 marc)**

**7.** **Ceist í seo a bhaineann le Cineálacha Gnólachta**.
*(Le comhlánú ar leathanaigh 20 agus 21 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo*:**



**(A)** Tá Seán Ó Dubhshláine, a bhfuil cónaí air ag 25 An tSráid Ard, Ceatharlach, tar éis a ghnó siúinéireachta féin a bhunú.

(i) Luaigh **trí** bhuntáiste atá le baint ag Seán as a ghnó féin a reáchtáil.
*(Freagair ar leathanach 20 den Leabhrán.)*

(ii) Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ann do Sheán as a ghnó féin a reáchtáil.
*(Freagair ar leathanach 20 den Leabhrán.)* (20)

**(B)** Ba mhaith le Seán a ghnólacht a mhéadú. Iarrann sé ar chara leis, Liam Mac Oiste, a chónaíonn ag 12 Garrán an Choill, An Tulach, Co. Ceatharlach, teacht isteach in éineacht leis.

Ar 3 Meitheamh 2015, bhunaigh Seán agus Liam cuideachta phríobháideach theoranta agus thug siad Ceirdne Adhmaid Teo. uirthi.

Is é cuspóir na cuideachta troscán dearthóra a dhéanamh dá custaiméirí. Is é scairchaipiteal na cuideachta ná €150,000, roinnte i 150,000 gnáthscaireanna ar €1 an ceann. Cheannaigh Seán 30,000 scair agus cheannaigh Liam 20,000 scair.

(i) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cuideachta phríobháideach theoranta.
*(Freagair ar leathanach 20 den Leabhrán.)*

(ii) Comhlánaigh an Meabhrán Comhlachais do Cheirdne Adhmaid Teo. agus bain úsáid as na sonraí thuas *(ar leathanach 21 den Leabhrán)*.

(30)

**(C)** Comhlánaigh colún Chineál an Ghnólachta *(ar leathanach 21 den Leabhrán)* i gcás **gach aon cheann** de na cúig ghnólacht thíos ón liosta seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Trádálaí Aonair** | **Cuideachta Phríobháideach Theoranta** |
| **Comharchumann** | **Cuideachta faoi úinéireacht an Stáit** |

1. Bus Éireann
2. Foirgníocht Uí Fhoghlú Teo.
3. Pól Ó Conchúir, Búistéir
4. Comhar Creidmheasa
5. Fáilte Ireland

(10)

**(60 marc)**

**8.** **Ceist í seo a bhaineann le Margaíocht agus le Teicneolaíocht Faisnéise**.
*(Le comhlánú ar leathanaigh 22 agus 23 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo***:

Tá siopaí ag Domhan na Ríomhairí Glúine Teo. ar fud na hÉireann. In 2014 bhí díolacháin mar seo a leanas i ngach contae:

| **Contae** | MAIGH EO | ÁTH CLIATH | CORCAIGH | CILL DARA | GAILLIMH | LUIMNEACH |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Díolacháin €000** | 50 | 225 | 175 | 75 | 125 | 150 |

**(A)** (i) Taispeáin an t-eolas thuas i bhfoirm **Barrachairte** nó i bhfoirm **Histeagraim**.
*(Freagair ar leathanach 22 den Leabhrán.)*

(ii) Ríomh díolacháin iomlána Dhomhan na Ríomhairí Glúine Teo. in 2014.
Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar leathanach 22 den Leabhrán)*. (28)

**(B)** Chuir Domhan na Ríomhairí Glúine Teo. an fógra seo thíos sna nuachtáin. Chonaic Cáit Ní Riain, mac léinn céad bhliana Gnó san ollscoil, é agus tá sí ag smaoineamh ar an ríomhaire glúine a cheannach.

**SLADMHARGADH AG DOMHAN NA RÍOMHAIRÍ GLÚINE TEO!**

RÍOMHAIRE GLÚINE LV



An tsonraíocht is nuaí
Cumasaithe faoi choinne Wi-Fi
Córas Oibriúcháin: Windows 8
Microsoft Office suiteáilte, na pacáistí seo a leanas san áireamh: Word (próiseáil focal), Excel (scarbhileog), Access (bunachar sonraí) agus PowerPoint (cur i láthair).

**Praghas Sladmhargaidh**: **€459.00**

(i) Luaigh **dhá** úsáid a d'fhéadfadh Cáit a bhaint as pacáiste Scarbhileoige *(ar lch 23 den Leabhrán)*.

(ii) Luaigh úsáid **amháin** a d'fhéadfadh sí a bhaint as pacáiste Próiseála Focal *(ar leathanach 23 den Leabhrán)*.

(iii) Mínigh **trí** bhuntáiste a bhainfeadh Cáit as an idirlíon a úsáid dá gceannódh sí an ríomhaire glúine. *(Freagair ar leathanach 23 den Leabhrán.)* (24)

**(C)** I **ngach** spás atá curtha ar fáil *(ar leathanach 23 den Leabhrán)*, scríobh an téarma ceart do gach míniú ón liosta seo a leanas:

BOGEARRAÍ BUNACHAR SONRAÍ CUIMHNE CRUA-EARRAÍ MÉARCHLÁR

*(Tá téarma amháin thuas nach mbaineann le míniú ar bith thíos.)*

| | **MÍNIÚ** |
|---|---|
| (i) | Chun eolas a chur in eagar agus a chomhdú ar ríomhaire nó ar ríomhaire glúine. |
| (ii) | An chuid fhisiciúil den ríomhaire nó den ríomhaire glúine. Na codanna is féidir a fheiceáil. |
| (iii) | Chun eolas a chur isteach sa ríomhaire nó sa ríomhaire glúine. |
| (iv) | Ríomhchláir a threoraíonn do ríomhaire nó ríomhaire glúine conas tascanna a dhéanamh. Ní oibreoidh an ríomhaire gan iad. |

(8)
**(60 marc)**

Leathanach
Bán

Leathanach
Bán

Leathanach
Bán